Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13607/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0309 (NLE)**

**POLCOM 284**
**COASI 112**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 568 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, maidir le treoirlínte oibríochtúla Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 568 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 568 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2025
COM(2025) 568 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, maidir le treoirlínte oibríochtúla Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh**

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Dréacht**
**CINNEADH Uimh. XX/2025**
**ón gCoiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn**

**an XX/XX/2025**

**a mhéid a bhaineann le treoirlínte oibríochtúla maidir le riar Fhóram na Sochaí Sibhialta**

Tá an Coiste um Thrádáil,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 24.7 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 24.7 den Chomhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe teacht ar chomhaontú ag an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil, arna bhunú le hAirteagal 24.1(1) den Chomhaontú, i ndáil le treoirlínte oibríochtúla maidir le riar Fhóram na Sochaí Sibhialta.

(2) Ba cheart don Choiste um Thrádáil treoirlínte oibríochtúla a ghlacadh maidir le riar Fhóram na Sochaí Sibhialta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, glactar treoirlínte oibríochtúla Fhóram Sochaí Sibhialta an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Déantar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach, sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin.

*Thar ceann an Choiste um Thrádáil*

*Na Comhchathaoirligh*

**IARSCRÍBHINN**

# TREOIRLÍNTE OIBRÍOCHTÚLA D'FHÓRAM NA SOCHAÍ SIBHIALTA

## faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn

Leis na treoirlínte oibríochtúla d'Fhóram na Sochaí Sibhialta ('na Treoirlínte'), cuirtear creat ar fáil d'oibriú Fhóram na Sochaí Sibhialta arna bhunú faoi Airteagal 24.7 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn ('an Comhaontú Saorthrádála').

### 1. Rannpháirtithe

Cuirfidh gach Páirtí a rialacha agus a chleachtais féin i bhfeidhm maidir le clárú rannpháirtithe i bhFóram na Sochaí Sibhialta chun ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí sochaí sibhialta atá bunaithe ina chríoch a chur chun cinn.

Beidh na rannpháirtithe in ann freastal ar chruinniú Fhóram na Sochaí Sibhialta ar an láthair nó trí mhodhanna fíorúla. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt an cruinniú a thionól go hiomlán i bhformáid fhíorúil.

### 2. Uainiú agus eagrú

Is é an Páirtí atá ina óstach ar Choiste um Thrádáil na bliana sin a bheidh freagrach as Fóram na Sochaí Sibhialta a eagrú agus a óstáil.

Soláthróidh oifigigh ón bPáirtí óstach feidhm na rúnaíochta agus íocfaidh an Páirtí óstach na costais a bhaineann le hóstáil, lena n-áirítear na costais a eascraíonn as an ionad agus éascú an chruinnithe. Ní bheidh an Páirtí t-óstach freagrach as costais na rannpháirtithe a íoc. I gcás ina dtionólfar Fóram na Sochaí Sibhialta ar an láthair, beidh an Páirtí óstach freagrach as an rannpháirtíocht fhíorúil a éascú de réir mar is iomchuí.

I gcás inar féidir, tionólfar Fóram na Sochaí Sibhialta ag am a bheidh rannpháirtithe ón Nua-Shéalainn agus ón Aontas Eorpach araon in ann a bheith rannpháirteach.

### 3. Clár oibre agus achoimrí

Maidir le míreanna a d'fhéadfaí a chur ar an gclár oibre, féachfaidh gach Páirtí le dul i gcomhairle lena nGrúpa Comhairleach Baile féin sula dtabharfaidh na Páirtithe an dréachtchlár oibre chun críche.

Ba cheart a áireamh ar an gclár oibre cur i láthair maidir leis na nuashonruithe is déanaí a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Saorthrádála chomh maith le plé oscailte ar na hábhair a d'ardaigh na rannpháirtithe.

Ullmhóidh an Páirtí atá ina óstach ar Fhóram na Sochaí Sibhialta dréachtchlár oibre. A luaithe a bheidh an clár oibre tugtha chun críche idir na Páirtithe, féachfaidh na Páirtithe leis an gclár oibre a fhoilsiú 15 lá ar a laghad roimh dháta chruinniú Fhóram na Sochaí Sibhialta.

Dréachtóidh an Páirtí óstach achoimre ar phlé Fhóram na Sochaí Sibhialta i gcomhairle leis an bPáirtí eile, laistigh de 30 lá tar éis dháta chruinniú Fhóram na Sochaí Sibhialta. Cuirfear an achoimre ar fáil go poiblí.

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú tréimhsiúil ar na Treoirlínte sula dtionólfar an Coiste um Thrádáil, agus féadfaidh siad a chinneadh na Treoirlínte a leasú trí chomhaontú ag an gCoiste um Thrádáil.